28 For she said, If I may touch but his clothes, I shall be whole.

29 And straightway the fountain of her blood was dried up; and she felt in her body that she was healed of that plague.

30 And Jesus, immediately knowing in himself that virtue had gone out of him, turned him about in the press, and said, **Who touched my clothes?**

31 Agus a dubhradar a dheisciobail ris, Do chí tú an tslúagh dod bhrughadh, agus an bhfhiafruigheann tú, **Cía bhean rium?**

32 Agus do fheuch seision na thimcheall ionnas go bhfaicfeadh sé an bhean do rinne so.

33 Agus do ghabh crith agus eagla an bhean, ar naithne an neithe do rinneadh innte fein, agus táinic sé agus do shléuchd sí dhó, agus do innis sé an fhírinne uile dhó.

34 Agus a dubhairt seision ría, **A inghean, do shlánuigh do chréideamh thú; imthigh a síothcháin, agus bí slán od phláigh.**

35 Agus ar mbeith dhósan ag labhairt, tigid *dáoine ó thigh* úachdaráin na sinagóige, ag rádh, Fúair hingean bás: créd fá gcuireann tú búaidhreadh ar an Maighisdir feasda?

36 Agus mar do chúalaidh Iósa an comhrádh so a dubhradh, a dubhairt sé ré húachdarán na síonagóige, **Na bíodh eagla ort, creid a mháin.**

37 Agus níor fhulaing sé neach ar bith dhá leanmhuin, achd Peadar, agus Séumus, agus Eóin dearbhráthair Shéumuis.

38 Agus táinic sé go tigh úachdaráin na síonagóige, agus do chonnaire sé an bhúaidhreadh, agus iad ag gul agus ag cáoineadh go mór.

39 Agus ar ndul a steach, a dubhairt sé ríu, **Créd fá bhfuil búaidhreadh oruibh, agus créd fá nguiltí? ní bhfúair an cailín bás, achd is na codladh a tá sí.**

40 Agus do rinneadarsan fónamhad fáoi. Achd *cheana* ar gcur cháich uile a mach dhósan, beiridh sé athair agus máthair an chailín leis, agus an dream do bhí na fhochair féin, agus téid sé a sdeach mar a raibh an cailín na luighe.

41 Agus air mbreith dhó air láimh an chailín, a dubhairt sé ría, **Talita cúmi**; is é sin, ar na eidirhmhínigheadh, A chailín, a deirim riot, éirigh:

42 Agus do éirigh an cailín ar an mball, agus do shiubhail sí; óir do bhí sí a gcionn a dá bhliadhan déug. Agus do ghabh úathbhás romhór iadsan.

43 Agus do aithin sé dhíobh do roighéur, gan a fhios so do thabhairt déanduine; agus a dubhairt sé ní do thabhairt don *chailín* ré a ithe.

31 And his disciples said unto him, Thou seest the multitude thronging thee, and sayest thou, **Who touched me?**

32 And he looked round about to see her that had done this thing.

33 But the woman fearing and trembling, knowing what was done in her, came and fell down before him, and told him all the truth.

34 And he said unto her, **Daughter, thy faith hath made thee whole; go in peace, and be whole of thy plague.**

35 While he yet spake, there came from the ruler of the synagogue's *house certain* which said, Thy daughter is dead: why troublest thou the Master any further?

36 As soon as Jesus heard the word that was spoken, he saith unto the ruler of the synagogue, **Be not afraid, only believe.**

37 And he suffered no man to follow him, save Peter, and James, and John the brother of James.

38 And he cometh to the house of the ruler of the synagogue, and seeth the tumult, and them that wept and wailed greatly.

39 And when he was come in, he saith unto them, **Why make ye this ado, and weep? the damsel is not dead, but sleepeth.**

40 And they laughed him to scorn. But when he had put them all out, he taketh the father and the mother of the damsel, and them that were with him, and entereth in where the damsel was lying.

41 And he took the damsel by the hand, and said unto her, **Talitha cumi**; which is, being interpreted, Damsel, I say unto thee, arise.

42 And straightway the damsel arose, and walked; for she was *of the age* of twelve years. And they were astonished with a great astonishment.

43 And he charged them straitly that no man should know it; and commanded that something should be given her to eat.

Caibidil 6

Tug Críosa cumhachd da dheiscioblaibh ar na spioraduibh neamhghlana; 48 agus shiobhail sé ar an fhairge.

Chapter 6

1 Agus do imthigh sé as sin, agus táinic sé dhá thír féin; agus do leanadar a dheisciobuil *fein* é.

2 Agus an tan tháinic an tsabbóid, do thionnsgain sé teagasg do dhéanamh ann sa tsínagóig: agus do ghabh iongnadh mórán dá gcúalaidh é, ag rádh, Créd as a dtigid na neitheisi chum an *fhirsi*? agus créd í a neagna so tugadh dhó, ionnas go ndéuntar a leitheide so do shubhailcighibh tré na lámhuibh?

3 An né nach é so an sáor úd, mac Mhuire, agus dearbhráthair Shéumais agus Iosés, agus Iúdais agus Shímóin? agus an né nach bhfuilid a dheirbhsheathracha ann so eadruinne? Agus fúaradar oilbhéim ann.

4 Achd a dubhairt Iósa ríu, **Ní bhfuil fáidh gan mheas, achd an a thír féin, agus eidir a dháonibh gáoil, agus an a thigh féin.**

5 Agus níor bhéidir leis súbhailcighe ar bith do dheunamh ann sa náit sin, achd ag cur a lámh ar bheagán do dáoinibh éugcrúaidhe, do shlánaigh sé *iad*.

6 Agus do bhí iongnadh aige an a neamhchreideamh súd. Agus do thimchealluidh sé na bailte *fá gcúairt*, ag teagusg.

7 Ann sin do ghoir sé an dá fhear dhéug, agus do thionnsgain sé a gcur na ndís agus na ndis; agus tug sé cumhachda dhóibh ar na spioraduibh neamhghlana.

8 Agus do áithin sé dhíobh gan ní ar bith do bhreith leo chum na sligheadh, achd slat amháin, gan mhála, gan arán gan ionnmhus iona gcrios:

9 Achd a mbróga do chur orra; agus gan dá chóta do bheith iompa.

10 Agus a dubhairt sé ríu, **Gidh bé áit ar bith ann a rachdáoi a sdeach a dtigh, fanuidh ann sin nó go nimdhighthí as an mball sin.**

11 Agus gidh bé ar bith nach géubha sibh, agus nach éisdí ribh, ar nimtheachd dibh as sin, craithidh an lúaitheadh bhías fá bhur gcosaibh mar fhíadhnuisi na naghuidh. Go firinneach a deirimsi ribh, Gur fá socamhluidhe do Shodom nó do Ghomorra a ló an bhreitheamhnuis, ná don chathruigh sin.

12 Agus do imthigheadarsan, agus dfhúagradar aithrigh do dhéunamh.

13 Agus do theilgeadar mórán deamhan a mach, agus do ungar mórán do dháoinibh tinne lé hóla, agus do shlánuigheadar *iad*.

14 Agus do chúalaidh an rí Iorúaithe so; (oír do chúaidh ainm oidheirc airsion:) agus a dubhairt sé, Gur éirigh Eóin Baisde ó

1 And he went out from thence, and came into his own country; and his disciples follow him.

2 And when the sabbath day was come, he began to teach in the synagogue: and many hearing *him* were astonished, saying, From whence hath this *man* these things? and what wisdom *is* this which is given unto him, that even such mighty works are wrought by his hands?

3 Is not this the carpenter, the son of Mary, the brother of James, and Joses, and of Juda, and Simon? and are not his sisters here with us? And they were offended at him.

4 But Jesus said unto them, **A prophet is not without honour, but in his own country, and among his own kin, and in his own house.**

5 And he could there do no mighty work, save that he laid his hands upon a few sick folk, and healed *them*.

6 And he marvelled because of their unbelief. And he went round about the villages, teaching.

7 And he called *unto him* the twelve, and began to send them forth by two and two; and gave them power over unclean spirits;

8 And commanded them that they should take nothing for *their* journey, save a staff only; no scrip, no bread, no money in *their* purse:

9 But *be* shod with sandals; and not put on two coats.

10 And he said unto them, **In what place soever ye enter into an house, there abide till ye depart from that place.**

11 And whosoever shall not receive you, nor hear you, when ye depart thence, shake off the dust under your feet for a testimony against them. Verily I say unto you, It shall be more tolerable for Sodom and Gomorrha in the day of judgment, than for that city.

12 And they went out, and preached that men should repent.

13 And they cast out many devils, and anointed with oil many that were sick, and healed *them*.

14 And king Herod heard *of him*; (for his name was spread abroad:) and he said, That John the Baptist was risen from the dead, and therefore mighty works do shew forth

mharbhuibh, agus dá bhrígh sin a táid subháilcighe ag oibriughadh ann.

15 A dubhradar dream eile, Gur bhé Eliás é. Agus a dubhradar dream eile, Gur bhféidh é, nó mar áon do na fáidhibh.

16 Achd ar na chluinsín Diorúaithe, a dubhairt sé, Is é so Eóin, do dhicheadh misí: déirigh sé ó mharbhuidh.

17 Oír ag cur dháoine úadh Diorúaithe, do ghabh sé Eóin, agus do cheangail sé a bpríosun é ar son Heródias, mhná phósda Philip a dhearbhráthar *féin*: do bhrígh gur phós sé í.

18 Oír a dubhairt Eóin ré Hiorúaithe, Ní ceadúightheach dhuit bean Phósda do dhearbhráthar *féin* do bheith agad.

19 Achd do bhí Heródias ar a thíochsean, agus bá mían lé a mharbhadh; achd níor bhéidir lé.

20 Oír do bhí eagla Eóin ar Iorúaithe, ar mbéith a fheasa aige gur dhuine comhthrom náomhtha é, agus do choimhéd sé é; agus ar néisdeachd ris, do níodh sé mórán, agus do éisdeadh sé ris go toileamhail.

21 Agus an tan do bhí lá iomchubhaidh ann, an a ndearna Iorúaithe suipér dá úaislibh, agus dá cháiptínibh, agus dúachdaránuibh na Galilé, *comhainm* a láoi fá rugadh é;

22 Chúaidh inghean Heródias a sdeach, agus do rinne sé damhsa, agus do thaitin sí ré Hiorúaithe agus ris an guídeachda do bhí ar an mbórd na fhochair, agus a dubhairt an rí ris an gcailín, Iarr oramsa gidh bé ní is áill leachd, agus do bhéura mé dhuit é.

23 Agus tug sé mionna *dhi*, Gidh bé ní íarrfus tú oram, do bhéura mé dhuit é, go leath mo ríoghachda.

24 Achd ar nimtheachd a mach dhisi, a dubhairt sí ré na mathair, Créd iárfas mé? Agus a dubhairt sisi, Ceann Eóin Baisde.

25 Agus táinic sisi ar an mball a sdeach chum a ríogh maille ré deithbhír, agus do íarr sí, ag rádh, Is sí mo thoil thú do thabhairt chinn Eóin Baisde dhamh a nois ar mhéis.

26 Agus do bhí an rí lán do dhoilgheas; *achd* ar son a mhionn, agus na druinge do bhí na suidhe na fhochair, níor bháill leis isi do dhiultadh.

27 Agus ar gcur fir dicheada a mach don rígh do láthair, do aithin sé a cheannsan do thabhairt a sdeach: agus do imthigh seisean, agus do dhicheadh sé é ann sa phríosún,

28 Agus tug se a cheann leis ar mhéis, agus tug sé don chailín é: agus tug an cailín é dá máthair.

themselves in him.

15 Others said, That it is Elias. And others said, That it is a prophet, or as one of the prophets.

16 But when Herod heard *thereof*, he said, It is John, whom I beheaded: he is risen from the dead.

17 For Herod himself had sent forth and laid hold upon John, and bound him in prison for Herodias' sake, his brother Philip's wife: for he had married her.

18 For John had said unto Herod, It is not lawful for thee to have thy brother's wife.

19 Therefore Herodias had a quarrel against him, and would have killed him; but she could not:

20 For Herod feared John, knowing that he was a just man and an holy, and observed him; and when he heard him, he did many things, and heard him gladly.

21 And when a convenient day was come, that Herod on his birthday made a supper to his lords, high captains, and chief *estates* of Galilee;

22 And when the daughter of the said Herodias came in, and danced, and pleased Herod and them that sat with him, the king said unto the damsel, Ask of me whatsoever thou wilt, and I will give *it* thee.

23 And he sware unto her, Whatsoever thou shalt ask of me, I will give *it* thee, unto the half of my kingdom.

24 And she went forth, and said unto her mother, What shall I ask? And she said, The head of John the Baptist.

25 And she came in straightway with haste unto the king, and asked, saying, I will that thou give me by and by in a charger the head of John the Baptist.

26 And the king was exceeding sorry; *yet* for his oath's sake, and for their sakes which sat with him, he would not reject her.

27 And immediately the king sent an executioner, and commanded his head to be brought: and he went and beheaded him in the prison,

28 And brought his head in a charger, and gave it to the damsel: and the damsel gave it to her mother.

29 Agus an tan do chúaladar a dheisciobuilsion *so*, tangadar, agus do thógbhadar a chorp, agus do chuireadar a dtuama é.

30 Agus do chruinnigheadar na heasbuil chum Iósa, agus do fhoillsigheadar dhó na huile ní, agus gach ní dá ndearnadar, agus gach ní dar mhúineadar.

31 Agus a dubhairt sé ríu, **Tigidhsi ar leith go hionad úaigneach, agus déunaidh suáimhneas támall beag:** oír do bhádar mórán ag teachd agus ag imtheachd, agus ní fhúaradar am ar bhíadh a mháin dithe.

32 Agus do chúadar a luing ar leith go hionad fhásamhuil.

33 Agus do chonnaire an slúagh íadsan ag imtheachd, agus do aithneadar mórán eisean, agus do ritheadar dá gcois as na caithreachuibh uile ann sin, agus do bhádar rompasan, agus do chruinnigheadar chuigesion.

34 Agus ar ndul a mach Diósa, do chonnaire sé an slúagh mór, agus do ghabh trúaighe mhór dhóibh é, oír do bhádar mar cháorcha gan áodhaire aca: agus do thionnsgain sé mórán do mhúnadh dhóibh.

35 Agus an tan tháinic mórán don lá, do chúadar a dheisciobuil chuigesion ag rádh, A tá an tionad na fhásach, agus tháinic mórán don lá:

36 Léig úait íad, ionnus go rachaidis fán dtír, agus fá na bailtibh na dtimcheall, do cheannach aráin dóibh féin: oír ní bhfuil ní aca do íosaidís.

37 Achd ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ríu, **Tabhruidhsi dhóibh ní re na ithe**, agus a dubhradarsan ris, An rachmáois do cheannach lúach dhá chéud pighinn daránuibh, do chum go dtiobhramáois ní dhóibh ré na ithe?

38 Agus a dubhairt seisean ríu, **Gá mhéud arán atá agaibh? imthighidh**, agus féachuidh. Agus ar bhfagháil a fheasa *sin dóibhsion*, a dubhradar, Cúig *aráin* agus dá íasg.

39 Agus do aithin sé dhíobh cách uile do chur na suidhe na gcomhlánuibh ar an bhféur ghlas.

40 Agus do shuigheadar síos na mbuidhnibh, na géuduibh, agus na gcáogaidibh.

41 Agus ar ngabháil na gcúig narán chuige agus an dá íasg, ar bhféachain súas ar neamh dhó, do bheannuigh sé, agus do bhris sé na haráin, agus tug sé dá dheisciobluibh íad do chum go gcuirfidís na bhfiadhnuisision *íad*; agus do roinn sé an dá íasg orrtha uile.

42 Agus do itheadar cách uile, agus do sathuigheadh íad.

29 And when his disciples heard *of it*, they came and took up his corpse, and laid it in a tomb.

30 And the apostles gathered themselves together unto Jesus, and told him all things, both what they had done, and what they had taught.

31 And he said unto them, **Come ye yourselves apart into a desert place, and rest a while:** for there were many coming and going, and they had no leisure so much as to eat.

32 And they departed into a desert place by ship privately.

33 And the people saw them departing, and many knew him, and ran afoot thither out of all cities, and outwent them, and came together unto him.

34 And Jesus, when he came out, saw much people, and was moved with compassion toward them, because they were as sheep not having a shepherd: and he began to teach them many things.

35 And when the day was now far spent, his disciples came unto him, and said, This is a desert place, and now the time *is* far passed:

36 Send them away, that they may go into the country round about, and into the villages, and buy themselves bread: for they have nothing to eat.

37 He answered and said unto them, **Give ye them to eat.** And they say unto him, Shall we go and buy two hundred pennyworth of bread, and give them to eat?

38 He saith unto them, **How many loaves have ye? go and see.** And when they knew, they say, Five, and two fishes.

39 And he commanded them to make all sit down by companies upon the green grass.

40 And they sat down in ranks, by hundreds, and by fifties.

41 And when he had taken the five loaves and the two fishes, he looked up to heaven, and blessed, and brake the loaves, and gave *them* to his disciples to set before them; and the two fishes divided he among them all.

42 And they did all eat, and were filled.

43 Agus do thógbhadar dhá chlíabh dhéug lán do bhíadh bhrisde, agus do na híasguibh.

44 Agus do bhádar an dream a dúaiigh an tarán a dtimcheal chúig mhíle fear.

45 Agus do chuir sé dhfiachuibh ar a dheiscióbluibh do láthair dul a luing, agus dul roimhe don táoibh a nunn go Betsaida, nó go léigeadh sé *féin* an slúagh úadh.

46 Agus an tan do chuir sé úadh íad, do chúaidh sé ar shlíabh do dhéanamh urnuighthe.

47 Agus an tan do bhí deireadh an láoi ann, do bhí an long a lár na fairge, agus eisean ná áonar ar tír.

48 Agus do chonnaire sé iádsan ag cur sháothair ag iomradh; (óir do bhí an gháoth na naghuidh:) agus táinic sé chuca timcheall an ceathramhadh faire don oidhche, ag siobhal ar an bhfairge, agus do mheadhuigh sé dul thárrsa.

49 Achd ar na fhaicsin dóibhsion ag siobhal ar an bhfairge, do sháoileadar gur thádhbhás é, agus do éighmheadar:

50 (Óir do chonncadar uile é, agus do bhádar ar na mbúaidhreadh.) Agus do labhair sé ríu ar an mball, agus a dubhairt sé ríu, **Bíodh meisneach maith aguibh, misi a tá ann, na bíodh eagla oruibh.**

51 Ann sin do chúaidh sé súas chuca ann sa luing; agus do chíunaigh an gháoth: agus is móide go mór do bhí uáthbhás agus iongantus, orrthasan sin.

52 Óir ní thugadar da naire *an ní do rinneadh* ris na haránuibh: óir do bhí a gcroidhe crúaidh.

53 Agus an tan do chúadar thairis, tangadar go talamh Geinesaret, agus tangadar a dtír.

54 Agus tar éis teachda a mach as an luing dhóibh, ar an mball do aithnigheadar eisean,

55 Agus do ritheadar luchd na tíre sin uile fá gcúairt, agus do thionnsgnadar na dáoine tinne diomchar ar leapthachuibh, dá gach áit na gcluindís eision do bheith.

56 Agus gidh bé bailte, nó caithreacha, no dúthaigh, an a ndeachuidh sé a sdeach, do chuirdís na dáoine tinne ar na sráidibh, agus do iarraidís air cumailt ré himeal a éduigh a mháin: agus an mhéid do chumail ris fúaradar a slainte.

43 And they took up twelve baskets full of the fragments, and of the fishes.

44 And they that did eat of the loaves were about five thousand men.

45 And straightway he constrained his disciples to get into the ship, and to go to the other side before unto Betsaida, while he sent away the people.

46 And when he had sent them away, he departed into a mountain to pray.

47 And when even was come, the ship was in the midst of the sea, and he alone on the land.

48 And he saw them toiling in rowing; for the wind was contrary unto them: and about the fourth watch of the night he cometh unto them, walking upon the sea, and would have passed by them.

49 But when they saw him walking upon the sea, they supposed it had been a spirit, and cried out:

50 For they all saw him, and were troubled. And immediately he talked with them, and saith unto them, **Be of good cheer: it is I; be not afraid.**

51 And he went up unto them into the ship; and the wind ceased: and they were sore amazed in themselves beyond measure, and wondered.

52 For they considered not *the miracle* of the loaves: for their heart was hardened.

53 And when they had passed over, they came into the land of Gennesaret, and drew to the shore.

54 And when they were come out of the ship, straightway they knew him,

55 And ran through that whole region round about, and began to carry about in beds those that were sick, where they heard he was.

56 And whithersoever he entered, into villages, or cities, or country, they laid the sick in the streets, and besought him that they might touch if it were but the border of his garment: and as many as touched him were made whole.

Caibidil 7

Gan áithne Dé chur ar gcúl, le fúarghnáthuightheibh na sean.

Chapter 7

1 Agus do cruinnigheadar na Phairisínigh chuige, agus cuid do na sgríobuidhibh tháinic ó Iarusaléim.

2 Agus ar bhfaicsin dóibh go ndithadar cuid dá dheisciobluibhsion arán lé lamhuibh coitchionna, (eadhón, gan ionnladh,) do rinneadar gearán.

3 (Oír ní ithid na Phairisínigh, agus na Iúduighe uile biadh, muna nionnlaid siad a lámha go minic, ag coimhéd órduighthe na sinnsior.

4 Agus ar dteachd ón mhargadh, muna nionnlaid, ní ithid siad. Agus a táid mórán do neithibh eile, do ghabhadar orra do choimhéud, *már a tá níghe na gcopan*, agus na bpotadh, agus na soightheach práis, agus na leabthath.)

5 Do fhiafruigheadar na Phairisínigh agus na sgríobuidhe dhe tar éis sin, Créd fá nách siubhluid do dheisciobuilsí do réir órduighthe na sinnsior, achd ithid arán lé lamhuibh gan ionnladh?

6 Agus do fhreagair seision agus a dubhairt sé ríu, *Go fírinneach is maith do rinne Isaías fáidheadóireachd bhar dtimcheall a luchd an fhúarchrabhuidh, mar a tá sgríobhtha, Onóruighid an pobal so mé le na bpusuibh, achd a tá a gcroidhe a bhfad úaim.*

7 Achd is díomháoineach do níd seirbhís damhsa, ag teagasg aitheantadh na ndaoine mar theagasg.

8 Oír air dtréigean áithne Dé, gabhuidh sibh órdughadh na ndaoine *mar a tá níghe na bpotadh agus na gcupan*: agus do níthí mórán dó neithibh eile is cosmhail ríu so.

9 Agus a dubhairt sé ríu, *Is maith churtháoi ar gcúl aithne Dé, ionnas go gcoimhéudfadh sibh bhur ngnáthughadh féin.*

10 Oír a dubhairt Máoisí, Onóruigh hathair agus do mháthair *féin*; agus, Gidh bé a déara olc ré na athair nó ré na mháthair, cuirthear chum báis é:

11 Achd a deirthisí, Dá nabradh éin neach ré na athair nó ré na mháthair, Corbán (éadhón, an tiodhlacadh,) do bheirimsí úaim; rachaidh sé a dtarbha *dhuitsí*.

12 Agus ní léigthí dhó as sin a mach ní sa mhó do dhéanamh dá athair no dhá mháthair féin;

13 Ag cur bhréithre Dé ar gcúl leis an ngnáthughadh do órduigheabhair féin, agus is mór dá leitheidibh so do níthí.

14 Agus ar ngairm an tslúaiigh uile *chuige*, a dubhairt sé ríu, *Eisdigh riumsa uile, agus tuigidh:*

1 Then came together unto him the Pharisees, and certain of the scribes, which came from Jerusalem.

2 And when they saw some of his disciples eat bread with defiled, that is to say, with unwashen, hands, they found fault.

3 For the Pharisees, and all the Jews, except they wash *their* hands oft, eat not, holding the tradition of the elders.

4 And *when they come* from the market, except they wash, they eat not. And many other things there be, which they have received to hold, *as* the washing of cups, and pots, brasen vessels, and of tables.

5 Then the Pharisees and scribes asked him, Why walk not thy disciples according to the tradition of the elders, but eat bread with unwashen hands?

6 He answered and said unto them, *Well hath Esaias prophesied of you hypocrites, as it is written, This people honoureth me with *their* lips, but their heart is far from me.*

7 Howbeit in vain do they worship me, *teaching for* doctrines the commandments of men.

8 For laying aside the commandment of God, ye hold the tradition of men, *as* the washing of pots and cups: and many other such like things ye do.

9 And he said unto them, *Full well ye reject the commandment of God, that ye may keep your own tradition.*

10 For Moses said, Honour thy father and thy mother; and, Whoso curseth father or mother, let him die the death:

11 But ye say, If a man shall say to his father or mother, *It is Corban*, that is to say, a gift, by whatsoever thou mightest be profited by me; *he shall be free.*

12 And ye suffer him no more to do ought for his father or his mother;

13 Making the word of God of none effect through your tradition, which ye have delivered: and many such like things do ye.

14 And when he had called all the people *unto him*, he said unto them, *Hearken unto me every one of you, and understand:*

15 Ní bhfuil ní ar bith ar an dtáobh a muigh don duine, théid a sdeach ann lé nab éidir a shalchadh: achd na neithe thig as a mach, as íad sin na neithe shalchas an duine.

16 Gidh bé agá bhfuilid clúasa chum éisdeachda, éisdeadh sé.

17 Agus an tan do chúaidh sé a sdeach a dtigh ón tslúagh, do chuireadar a dheisciobuil ceisd air a dtimcheall na cosamhlachda.

18 Agus a dubhairt sé ríu, **An bhfultísi leis mar an gceudna gan tuigse? An ne nach dtuigthí, gidh bé ní don táobh a muigh théid a sdeach sa duine, nach éidir leis eisean do shalchadh?**

19 Oír ní théid sé a sdeach ann a chroidhe, achd ann a bholg, agus téid sé a mach sa chamra, ghlanus a nuile bhíadh?

20 Achd a dubhairt sé, **An ní théid amach as an duine, as é sin shalchus an duine.**

21 Oir is ón táobh a sdigh, ó chroidhe na ndáoiné, thigid na drochsmúaintighe, adhaltrannas, sdríopachus, dúnmharbhtha,

22 Goid, sainnt, aingídheachd, mealltóireachd, mionáire, drochshúil, blaisphéime, úabhar, amadanachd:

23 Tigid na huilcsi uile ón táobh a sdigh, agus salchuid an duine.

24 Agus ar néirghe dhó as sin, do chúaidh sé go críochaibh Thirus agus Shídon, agus ar ndul a sdeach a dtigh dhó, nír bháill leis duine ar bith dfagháil a fheasa: gidheadh nír bhéidir leis bheith a bhfolach.

25 Oír an tan do chualaidh bean da *tháoi*bh, agá raibh spiorad neamghlan an a hinghin óg, táinic sí agus do léig sí í féin síos agá chosaibh:

26 (Do budh Gréugach an bhean, Sirophenissa do chinéul;) agus do ghuidh sí é an deamhan do theilgean a mach as a hinghin.

27 Achd a dubhairt Iósa ría, **Fulaing ar tús an clann do sháithiughadh: oír ní hiomchubhuigh arán na cloinne do ghlacadh, agus a theilgean chum na gcoiléun.**

28 Achd do fhreagair sisi, agus a dubhairt sí ris, Is fíor sin, a Thighearna: gidheadh ithid na cuiléin fáoi an mbórd ní do sbrúileach na leanabh.

29 Agus a dubhairt seisean ríasi, **Ar son na cainnti so imthigh romhad; do chúaidh an deamhan a mach as hinghin.**

30 Agus do chúaidh sí dhá tigh, agus fúair sí an deamhan a nimtheachd, agus a hinghean na luighe ar a leabuidh.

31 Agus do fhíll sé a ris ó theórannuibh Thíruis agus Shídon, agus táinic sé go fairrge na Galilé, tré lár chríochaibh Dhecapolis.

15 There is nothing from without a man, that entering into him can defile him: but the things which come out of him, those are they that defile the man.

16 If any man have ears to hear, let him hear.

17 And when he was entered into the house from the people, his disciples asked him concerning the parable.

18 And he saith unto them, **Are ye so without understanding also? Do ye not perceive, that whatsoever thing from without entereth into the man, it cannot defile him;**

19 Because it entereth not into his heart, but into the belly, and goeth out into the draught, purging all meats?

20 And he said, **That which cometh out of the man, that defileth the man.**

21 For from within, out of the heart of men, proceed evil thoughts, adulteries, fornications, murders,

22 Thefts, covetousness, wickedness, deceit, lasciviousness, an evil eye, blasphemy, pride, foolishness:

23 All these evil things come from within, and defile the man.

24 And from thence he arose, and went into the borders of Tyre and Sidon, and entered into an house, and would have no man know it: but he could not be hid.

25 For a *certain* woman, whose young daughter had an unclean spirit, heard of him, and came and fell at his feet:

26 The woman was a Greek, a Syrophenician by nation; and she besought him that he would cast forth the devil out of her daughter.

27 But Jesus said unto her, **Let the children first be filled: for it is not meet to take the children's bread, and to cast it unto the dogs.**

28 And she answered and said unto him, Yes, Lord: yet the dogs under the table eat of the children's crumbs.

29 And he said unto her, **For this saying go thy way; the devil is gone out of thy daughter.**

30 And when she was come to her house, she found the devil gone out, and her daughter laid upon the bed.

31 And again, departing from the coasts of Tyre and Sidon, he came unto the sea of Galilee, through the midst of the coasts of

32 Agus tugadar duine bodhar balbh chuige; agus do íarradar air a lámh do chur air.

33 Agus ar na bhreith leis fó leith ón phobal, do chuir sé a mhéir ann a chlúasaibh, agus ag seileagh dhó, do bhean sé ré na theanguidh;

34 Agus ar bhféachain súas ar neamh, do léig sé osnadh, agus a dubhairt sé ris, **Ephphatha**, éadhon, **Bí osgailte**.

35 Agus ar an mball do hosgladh a chlúasa, agus do sgáoileadh cuibhreach a theangadh, agus do labhair sé go ceart.

36 Agus do aithin sé dhíobh gan sin dinnisin déainneach: achd ní bhfuil dá mhéud dá dtoirmíosgadh seisean, nach móide go mór dfoillsighidsion é;

37 Agus do ghabh iongantus romhór íad, agus a dubhradar, Do rinne sé gach uile ní go maith: do bheir sé fá deara go gcluinnid na bodhair, agus go labhruid na bailbh.

Caibidil 8

Mirbhuilt na 7 naráin, 27 agus admhail Iósa gur bé féin an Criosd úd bhí ré teachd, 38 um nach cóir náire do ghabhail.

1 Ann sna láethibh sin ar gcrúinniughadh do phobal romhór, agus gan ní aca do íosaidis, ar ngairm a dheisciobal Díosa *chuige*, a dubhairt sé riu,

2 **A tá trúaighe romhór agam don phobal: do bhrígh gur fhanadar a nois trí lá am fhochair, agus nach bhfuil ní ar bith ré a ithe aca.**

3 Agus dá léige mé na dtrosgadh dá dtighibh féin íad, rachaid síad a nanbhfainne ar slighe: óir tháinic cuid aca a bhfad.

4 Agus do fhreagradar a dheisciobuil é, Ga háit as a bhféadfadh duine íad so do shásadh lé harán ann so ar an bhfásach?

5 Agus do fhiafruigh seisean díobh, **Ga mhéud arán a tá agaibh?** Agus a dubhradarsan, A seachd.

6 Agus do aithin seision don tslúagh suidhe síos ar an dtalamh: agus ar nglacadh na seachd narán dó, tar éis bhuidheachuis do thabhairt, do bhris sé, agus tug sé dá dheisciobluibh *íad* do chum a gcur ann a bhfiadhnuisi; agus do chuireadarsan a bhfiadhnuisi an tslúagh *íad*.

7 Agus do bhádar beagán díasgaibh beaga aca: agus an tan tug sé buidheachus, a dubhairt sé íad sin fós do chur na bhfiadhnuisi.

8 Agus do itheadar, agus do sásadh íad: agus do thógbhadar seachd gcléibh do *bhiadh* bhrisde do bhí dfuighleach aca.

Decapolis.

32 And they bring unto him one that was deaf, and had an impediment in his speech; and they beseech him to put his hand upon him.

33 And he took him aside from the multitude, and put his fingers into his ears, and he spit, and touched his tongue;

34 And looking up to heaven, he sighed, and saith unto him, **Ephphatha**, that is, **Be opened**.

35 And straightway his ears were opened, and the string of his tongue was loosed, and he spake plain.

36 And he charged them that they should tell no man: but the more he charged them, so much the more a great deal they published it;

37 And were beyond measure astonished, saying, He hath done all things well: he maketh both the deaf to hear, and the dumb to speak.

Chapter 8

1 In those days the multitude being very great, and having nothing to eat, Jesus called his disciples *unto him*, and saith unto them,

2 **I have compassion on the multitude, because they have now been with me three days, and have nothing to eat:**

3 **And if I send them away fasting to their own houses, they will faint by the way: for divers of them came from far.**

4 And his disciples answered him, From whence can a man satisfy these *men* with bread here in the wilderness?

5 And he asked them, **How many loaves have ye?** And they said, Seven.

6 And he commanded the people to sit down on the ground: and he took the seven loaves, and gave thanks, and brake, and gave to his disciples to set before *them*; and they did set *them* before the people.

7 And they had a few small fishes: and he blessed, and commanded to set them also before *them*.

8 So they did eat, and were filled: and they took up of the broken *meat* that was left seven baskets.

9 Agus do bhí an luchd do chaith an biadh a dtimcheall cheithre míle: agus do léig sé úadh íad.

10 Agus ar an mball ar ndul a luing dhó maille ré na dheisciobluibh, táinic sé go rann Dalmanúta:

11 Agus tangadar na Phairisínigh a mach, agus do thionnsgadar connspóid do chur air, ag iarruigh comhartha ó neamh air, dha theasdughadh.

12 Agus ar ndéunamh osna dhósan an a spioraid, a dubhairt sé, **Créd fá níarrann an cineadh so comhartha? a deirim ríbh go fírinneach, Nach dtiobharthar comhartha don chineadh so.**

13 Agus ar na bhfagbháil dó, ar ndul a luing a rís do chúaidh sé don táoibh eile.

14 Agus do dhearmadar na deisciobuil arán do bhreith leó, agus ní raibh aca achd áon arán amháin ann sa luing.

15 Agus do aithin sé dhíobh, ag rádh, **Féuchaidh, coimheadaigh sibh ó laibhín na Bhpheairisíneach, agus ó laibhin Iorúaithe.**

16 Agus do thagradarsan eatorra féin, ag rádh, **Is tré nach bhfuilid aráin aguinn a tá sé.**

17 Agus ar ná áithne sin Díosa, a dubhairt sé ríu, **Créd do bheir ag diosbóireachd sibh, ar son nach bhfuilid aráin aguibh? a né nach fios díbh fós, agus nach dtuighí? an bhfuilid croidheadh crúaidhe aguibh fos?**

18 O a táid súile aguibh, **Créd fá nach bhfaicthí? agus ó táid clúasa aguibh, Créid fá nach ccluintí, agus nach ccuimhnighthí?**

19 An tan do bhris me na cúig aráin ar na cúig mhíle, ga mhéud clíabh lán do bhíadh brisde do thógabhair? A deiridsean ris, Dhá chlíabh dhéug.

20 Agus a núair do bhris mé na seachd naráin ar na ceithre mhíle fear, gá mhéud clíabh lán do bhíadh brisde do thógabhair? Agus a dubhradarsan, A seachd.

21 Agus a dubhairt seisean ríu, **Cionnas nách dtuighí na neithesi?**

22 Agus táinic sé go Betsaida; agus tugadar dall chuige, agus do íarradar air búain ris.

23 Agus ar mbreith ar lámh an doill dó, do threóruigh sé as an mbaile a mach é: agus ar gcur a sheile ar a shúilibh, agus ar gcur a lámh air, do fhiafruigh sé dhe an bhfacuidh sé én ní.

24 Agus ar dtóghail a shúl súas dósan, a dubhairt sé, Do chím daoine ag siobhal, mar chranna.

25 Na dhíaigh sin, do chuir sé a lámha a rís ar a shúilibh, agus tug sé fá deara dhó a shúile do

9 And they that had eaten were about four thousand: and he sent them away.

10 And straightway he entered into a ship with his disciples, and came into the parts of Dalmanutha.

11 And the Pharisees came forth, and began to question with him, seeking of him a sign from heaven, tempting him.

12 And he sighed deeply in his spirit, and saith, **Why doth this generation seek after a sign? verily I say unto you, There shall no sign be given unto this generation.**

13 And he left them, and entering into the ship again departed to the other side.

14 Now *the disciples* had forgotten to take bread, neither had they in the ship with them more than one loaf.

15 And he charged them, saying, **Take heed, beware of the leaven of the Pharisees, and of the leaven of Herod.**

16 And they reasoned among themselves, saying, *It is* because we have no bread.

17 And when Jesus knew *it*, he saith unto them, **Why reason ye, because ye have no bread? perceive ye not yet, neither understand? have ye your heart yet hardened?**

18 Having eyes, see ye not? and having ears, hear ye not? and do ye not remember?

19 When I brake the five loaves among five thousand, how many baskets full of fragments took ye up? They say unto him, Twelve.

20 And when the seven among four thousand, how many baskets full of fragments took ye up? And they said, Seven.

21 And he said unto them, **How is it that ye do not understand?**

22 And he cometh to Betsaida; and they bring a blind man unto him, and besought him to touch him.

23 And he took the blind man by the hand, and led him out of the town; and when he had spit on his eyes, and put his hands upon him, he asked him if he saw ought.

24 And he looked up, and said, I see men as trees, walking.

25 After that he put *his* hands again upon his eyes, and made him look up: and he was

thógbhail súas: agus do haiseagadh *a radharc dhó*, agus do chonnaire sé cách uile go soilléir.

26 Agus do chuir sé dhá thigh féin é, ag rádh, **Na himthigh don bhaile úd a sdeach, agus ná hinnis so déanduine sa bhaile.**

27 Agus do chúaidh Iósa, agus a dheisciobail a mach, go bailtibh Sesárea Philippi: agus do chuir sé ceisd ar a dheisciobluibh ar a tslighe, ag rádh ríu, **Cred a deirid na ndáoine cíá misí?**

28 Achd do fhreagradarsan, Eóin Baisde: agus cuid eile, Elias; agus cuid eile, Aon do na fáidhibh?

29 Agus a dubhairt seisean ríu, **Achd créd a deirthisí cíá mé?** Ar bhfreagra do Pheadar, a dubhairt sé ris, As tú Críósd.

30 Agus do bhagair sé orrtha gan innse deinneach dá tháobh féin.

31 Agus do thionnsgain sé a dteagasg, gur ab éigin do Mhac an duine morán dfhulang, agus a dhíultadh ó na sinnsearuibh, agus ó úachdaránuibh na sagart, agus ó na sgríobuidhibh, agus a mharbhadh, agus éirghe a rís a gcionn trí lá.

32 Agus do labhair sé an glórsa ós áird. Agus ar mbreith do Pheadar air, do thionnsgain sé achmhusán do thabhairt dó.

33 Achd ar gcasadh dhósan agus ar bhfhéachain ar a dheisciobluibh, do imdhearg se Peadar, ag rádh, **Imthigh am dhíaigh, a Shatáin: óir ní thuigeann tú na neithe bheanas ré Día, achd na neithe bheanas ré dáoinibh.**

34 Agus ar ngairm an tslúaigh agus a dheisciobail *chuige dhó*, a dubhairt sé ríu, **Gidh bé lé nab aill misi do leanmhuin, díultadh sé dhó féin, agus tógbhadh sé a chros, agus leanadh sé misi.**

35 Oir gidh bé neach lé nab áill anam féin do choimhéd caillfidh sé é; agus gidh bé neach chaillfeas anam féin ar mo shonsa, agus ar son an tsoisgéil, coimhéudfaidh sé é.

36 Oir créd é an tarbha do neach ar bith, dá ngnodhuighe sé an domhan uile, agus anam féin do cháill?

37 Nó créd í maluirt do bhéuradh éinneach ar son anma *féin*?

38 Oir gidh bé neach lér náir misi, agus mo bhriathra ann sa chineadh adhaltrannach agus pheacthadh so; budh náir lé Mac an duine eisean mar an gceadna, an tan thiocfas sé a nglóir Athar *féin* maille ré na ainglibh náomhtha.

restored, and saw every man clearly.

26 And he sent him away to his house, saying, **Neither go into the town, nor tell *it* to any in the town.**

27 And Jesus went out, and his disciples, into the towns of Cæsarea Philippi: and by the way he asked his disciples, saying unto them, **Whom do men say that I am?**

28 And they answered, John the Baptist: but some *say*, Elias; and others, One of the prophets.

29 And he saith unto them, **But whom say ye that I am?** And Peter answereth and saith unto him, Thou art the Christ.

30 And he charged them that they should tell no man of him.

31 And he began to teach them, that the Son of man must suffer many things, and be rejected of the elders, and *of* the chief priests, and scribes, and be killed, and after three days rise again.

32 And he spake that saying openly. And Peter took him, and began to rebuke him.

33 But when he had turned about and looked on his disciples, he rebuked Peter, saying, **Get thee behind me, Satan: for thou savourest not the things that be of God, but the things that be of men.**

34 And when he had called the people *unto him* with his disciples also, he said unto them, **Whosoever will come after me, let him deny himself, and take up his cross, and follow me.**

35 For whosoever will save his life shall lose it; but whosoever shall lose his life for my sake and the gospel's, the same shall save it.

36 For what shall it profit a man, if he shall gain the whole world, and lose his own soul?

37 Or what shall a man give in exchange for his soul?

38 Whosoever therefore shall be ashamed of me and of my words in this adulterous and sinful generation; of him also shall the Son of man be ashamed, when he cometh in the glory of his Father with the holy angels.

Caibidil 9

Athrughadh cruth Iósa, 33 ré a theagasc ar úmhla, 38 agus ar seirce.

Chapter 9

1 Agus a dubhairt sé ríu, **Go fírinneach a deirimsi ribh, Go bhfuil cuid dá bhfuil na seasamh ann so do lathair, nach blaisfi bás, no go bhfaicid síad ríoghachd Dé ag teachd maille ré cumhachduibh.**

2 Agus a gcionn sé lá na dhíaighsin, rug Iósa Peadar, agus Séumas, agus Eóin leis, agus do thréoruigh sé iad na náonar fá leith go slíabh ro árd: agus do háthruigheadh a chrúth na bhfiadhnuisi:

3 Agus do bhádar a éaduighe dealruigheach, rógheal mar an sneachta; a gcrúth nách éidir lé háon ghlanadóir *éaduighe* ar talamh a ngealadh.

4 Agus do taidhbhreadh dhóibh Elías maille ré Máoisí: agus do bhádar ag comhrádh ré Híosa.

5 Agus ar bhfreagra do Pheadar a dubhairt sé ré Híosa, A Mhaighisdir, is maith sinn do bheith ann so: ar a nadhbharsin déunam trí botha; both dhuitsi, agus both do Mháoisí, agus both Déliás.

6 Oír ní raibh a fhios aige créd do laibhéoradh sé; oír do bhádar ar *críth* ré heagla.

7 Agus do éirigh néull do chur sgáile na dtimcheall: agus táinic gúth as an néull, ag rádh, Ag so mo Mhac gradhachsa: éisdigh ris.

8 Agus ar bféachain na dtimcheall, go hobann *dóibh*, ní fhacadar éin neach as sin súas, achd Iósa na áonar na bhfochair.

9 Agus ag teachd dóibh a núas on tslíabh, do áithin sé dhíobh gan na neithe do chonncadar dinnisin déin neách, no go neiséirgheadh Mac an duine ó mharbhuibh.

10 Agus do chongmhadar an glór sin aca féin, dá fhiafruighe dhá cheile Créad is ciall dó súd eiseirghe ó mharbhaibh.

11 Agus do fhiafruigheadar dheisean, ag rádh, Créd fá nabruid na sgríobuidhe gur ab éigean Elías do theachd ar tús?

12 Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ríu, **Tig Elías go deimhin ar tús, agus aiséochaidh sé gach uile ní; agus mar a tá sgríobhtha a dtimcheall Mhic an duine, Go gcaithfeadh sé mórán dfulang, agus bheith fá neimhchion.**

13 Achd a derimsi ribh, **Go dtáinic Elías go deimhin, agus go ndearnadar ris gidh bé ní do thogradar, mar a tá sgríobhtha air.**

14 Agus ar dteachd dó chum a dheisciobal, do chonnaire sé slúagh mór ná dtimcheall, agus ná sgríobuidhe ag diosbóireachd ríu.

15 Agus ar an mball, a bhfacaidh an slúagh uile é, do ghabh úathbhás iad, agus ag rith chuige do chuireadar failte roimhe.

1 And he said unto them, **Verily I say unto you, That there be some of them that stand here, which shall not taste of death, till they have seen the kingdom of God come with power.**

2 And after six days Jesus taketh *with him* Peter, and James, and John, and leadeth them up into an high mountain apart by themselves: and he was transfigured before them.

3 And his raiment became shining, exceeding white as snow; so as no fuller on earth can white them.

4 And there appeared unto them Elias with Moses: and they were talking with Jesus.

5 And Peter answered and said to Jesus, Master, it is good for us to be here: and let us make three tabernacles; one for thee, and one for Moses, and one for Elias.

6 For he wist not what to say; for they were sore afraid.

7 And there was a cloud that overshadowed them: and a voice came out of the cloud, saying, This is my beloved Son: hear him.

8 And suddenly, when they had looked round about, they saw no man any more, save Jesus only with themselves.

9 And as they came down from the mountain, he charged them that they should tell no man what things they had seen, till the Son of man were risen from the dead.

10 And they kept that saying with themselves, questioning one with another what the rising from the dead should mean.

11 And they asked him, saying, Why say the scribes that Elias must first come?

12 And he answered and told them, **Elias verily cometh first, and restoreth all things; and how it is written of the Son of man, that he must suffer many things, and be set at nought.**

13 But I say unto you, That Elias is indeed come, and they have done unto him whatsoever they listed, as it is written of him.

14 And when he came to *his* disciples, he saw a great multitude about them, and the scribes questioning with them.

15 And straightway all the people, when they beheld him, were greatly amazed, and running to *him* saluted him.

16 Agus do fhiafruigh sé do na sgríobuidhibh, **Créd é an ní so thagartháoi eadruibh féin?**

17 Agus ar bhfreagra do neach don tslúagh a dubhairt sé, A Mhaighisdir, tug mé mo mhac chugad, an a bhfuil spiorad balbh;

18 Agus gach uile bhall a mbeireann sé air, tairngidh sé as a chéile é: agus cuiridh sé cubhar thar a bhéul, agus dó ní sé gíosgarnach lé na fhlacluibh, agus téid sé a seirgtheachd: agus a dubhairt mé réd dheisciobluibhsi a chur a mach as; achd cheana níor fhéudadar.

19 Agus ar bhfreagra dhósan, a dubhairt sé, **A chineadh gan chreideamh, gá fad bhías mé eadruibh? agus gá fad fós fhuiléongus mé sibh? tabhruidh chugamsa é.**

20 Agus tugadar chuige é: agus an tan do chonnaire sé é, do tharraing an spiorad as a chéile é ar ball; agus ar dtuitim ar an dtalamh dhó, do bhí sé dhá únfairt ag cur chubhair *as a bhéul*.

21 Agus do fhiafruigh *Iósa* dhá athair, **Gá fad daimsir ó thárla so dhó?** Achd a dubhairt seision, O bhí sé na leanabh.

22 Agus is minic do theilg sé a dteinidh, agus a nuisge é, do chúm go millfeadh sé é: achd má a tá cumhachd ar bith agadsa, bíodh trúaighe agad dhúinn, agus fóir oruinn.

23 Achd a dubhairt *Iósa* ris, **Más eidir leachd so do chreideamhuin, a tá gach én ní soidhéanta don té chreidios.**

24 Agus ar néigheamh dathair na buachalla ar an mball, maille ré deóruibh a dubhairt sé, Creidim, a Thighearna; fóir mo mhíchreideamh.

25 Agus an tan do chonnaire *Iósa* an slúagh uile ag coimhrith chuige, do imdhearg sé an spiorad neamhghlan, ag rádh ris, **A spiorad bhailbh agus bhodhair, aithnimsi dhíot, imthigh a mach as, agus na héirigh a sdeach ann ní sa mhó.**

26 Agus ar néigheamh dhó, agus ar na tharrang as a chéile go ro úathbhásach, do chúaidh sé a mach as: agus do bhí sé a riochd mhairbh; ionnas go ndubhradar mórán, Go bhfúair sé bás.

27 Achd ar mbreith *Diosa* ar a láimh, do thógaibh sé súas é; agus déirigh seision.

28 Agus an tan do chúaidh sé a sdeach a dtigh, do fhiafruigheadar a dheisciobail de go seicréideach, **Créd fá nár fhéadamairne an spiorad úd do theilgean a mach?**

29 Agus a dubhairt seisean ríu, **Ní héidir an ghné dheamhan so dhul a mach lé ní ar bith, achd tré úrnuighthe agus tré throsgadh.**

16 And he asked the scribes, **What question ye with them?**

17 And one of the multitude answered and said, Master, I have brought unto thee my son, which hath a dumb spirit;

18 And wheresoever he taketh him, he teareth him: and he foameth, and gnasheth with his teeth, and pineth away: and I spake to thy disciples that they should cast him out; and they could not.

19 He answereth him, and saith, **O faithless generation, how long shall I be with you? how long shall I suffer you? bring him unto me.**

20 And they brought him unto him: and when he saw him, straightway the spirit tare him; and he fell on the ground, and wallowed foaming.

21 And he asked his father, **How long is it ago since this came unto him?** And he said, Of a child.

22 And oftentimes it hath cast him into the fire, and into the waters, to destroy him: but if thou canst do any thing, have compassion on us, and help us.

23 Jesus said unto him, **If thou canst believe, all things are possible to him that believeth.**

24 And straightway the father of the child cried out, and said with tears, Lord, I believe; help thou mine unbelief.

4 Tell us, when shall these things be? and what *shall be* the sign when all these things shall be fulfilled?

5 And Jesus answering them began to say, Take heed lest any *man* deceive you:

6 For many shall come in my name, saying, I am *Christ*; and shall deceive many.

7 And when ye shall hear of wars and rumours of wars, be ye not troubled: for *such things* must needs be; but the end *shall not be* yet.

8 For nation shall rise against nation, and kingdom against kingdom: and there shall be earthquakes in divers places, and there shall be famines and troubles: these *are* the beginnings of sorrows.

9 But take heed to yourselves: for they shall deliver you up to councils; and in the synagogues ye shall be beaten: and ye shall be brought before rulers and kings for my sake, for a testimony against them.

10 And the gospel must first be published among all nations.

11 But when they shall lead *you*, and deliver you up, take no thought beforehand what ye shall speak, neither do ye premeditate: but whatsoever shall be given you in that hour, that speak ye: for it is not ye that speak, but the Holy Ghost.

12 Now the brother shall betray the brother to death, and the father the son; and children shall rise up against *their* parents, and shall cause them to be put to death.

13 And ye shall be hated of all *men* for my name's sake: but he that shall endure unto the end, the same shall be saved.

14 But when ye shall see the abomination of desolation, spoken of by Daniel the prophet, standing where it ought not, (let him that readeth understand,) then let them that be in Judæa flee to the mountains:

15 And let him that is on the housetop not go down into the house, neither enter *therein*, to take any thing out of his house:

16 And let him that is in the field not turn back again for to take up his garment.

17 But woe to them that are with child, and to them that give suck in those days!

18 And pray ye that your flight be not in the winter.

19 Oír biáidh annsna laéthibhsin amhgar, amhail nach raibh a leithéid ann ó thús cruthaighe na neitheadh do chruthaigh Día go soithe so, agus nách bía *go bráth*.

20 Agus muna ngearruigheadh an Tighearna na laéthe úd, ní rachadh éin fhéoil as: achd ar son na ndáoine toghtha, do thogh sé, do ghearraidh sé na laéthe úd.

21 Agus ann sin dá nabra neach ar bith ribh, Féuch, *a tá* Críod ann so; nó, féuch, *a tá sé* ann súd; na creididh é.

22 Oír éiréochuid Críodanna fallsa agus faidhe fallsa, agus do dhéunuid comharthuidhe agus míorbhuile, do mhealladh, na ndáoine toghtha féin, dá madh éidir é.

23 Achd tabhruidhsi bhar naire ribh: féuch, dinnis mé dhíbh gach uile ní roimh a *naimsir*.

24 Achd ann sna laéthibhsin, tar éis a námhghair úd, dorchóchthar an ghrian, agus ní thiobhra an ghealach a soillso *féin úaithe*.

25 Agus tuitfid réultanna neimhe, agus béid na cumhachda a tá ann sna neamhaibh ar crith.

26 Agus ann sin do chifid síad Mac an duine ag teachd ann sna néulluibh maille ré cumhachdaibh móra agus *ré glóir*.

27 Agus cuirfidh sé a aingil an tansin, agus cruinnéochuidh sé a dháoine toghtha *fein* ó na ceithre gáothaibh, ó leithimeal na talmhan go leithimeal neimhe.

28 Agus foghlomuidh cosamlachd ón chrann fíge; An tráth bhíos a ghéag máoth, agus fhásas a dhuilleabhar, a tá a fhios agaibh gur ab fogus an samhradh:

29 Agus mar an gcéudna sibhsi, an tan do chífidhe ná neithesi ar na ndéanamh, bíodh a fhios agaibh go bhfuil sé a ngar dháoihbh, ann sna doirsibh.

30 A deirimsi ribh go fírinneach, nach racha an dínesi thoruinn, nó go ndéuntar na neithesi uile.

31 Rachuidh neamh agus talamh thort: achd ní rachaid mo bhriáthrasa thort *go bráth*.

32 Achd ní bhfuil fios an láoi úd, ná na húaire ag neach ar bith, ná fós, ag na hainglibh a tá ar neamh, ná ag an Mac, achd ag a Nathair.

33 Féuchuidh, déanuidh faire agus urnuighe: oir ní bhfuil a fhios agaibh gá tráth *thiocfas* a naimsir úd.

34 Amhail duine ag dul a gcoigcrích, dfág a thigh, agus tug cumhachda dhá shearbhfhóghantuibh, agus a obair féin do gach áonduine, agus do aithín dá dhoirséoir faire do dhéanamh.

19 For *in* those days shall be affliction, such as was not from the beginning of the creation which God created unto this time, neither shall be.

20 And except that the Lord had shortened those days, no flesh should be saved: but for the elect's sake, whom he hath chosen, he hath shortened the days.

21 And then if any man shall say to you, Lo, here is Christ; or, lo, *he is* there; believe *him* not:

22 For false Christs and false prophets shall rise, and shall shew signs and wonders, to seduce, if *it were* possible, even the elect.

23 But take ye heed: behold, I have foretold you all things.

24 But in those days, after that tribulation, the sun shall be darkened, and the moon shall not give her light,

25 And the stars of heaven shall fall, and the powers that are in heaven shall be shaken.

26 And then shall they see the Son of man coming in the clouds with great power and glory.

27 And then shall he send his angels, and shall gather together his elect from the four winds, from the uttermost part of the earth to the uttermost part of heaven.

28 Now learn a parable of the fig tree; When her branch is yet tender, and putteth forth leaves, ye know that summer is near:

29 So ye in like manner, when ye shall see these things come to pass, know that it is nigh, *even* at the doors.

30 Verily I say unto you, that this generation shall not pass, till all these things be done.

31 Heaven and earth shall pass away: but my words shall not pass away.

32 But of that day and *that* hour knoweth no man, no, not the angels which are in heaven, neither the Son, but the Father.

33 Take ye heed, watch and pray: for ye know not when the time is.

34 *For the Son of man is* as a man taking a far journey, who left his house, and gave authority to his servants, and to every man his work, and commanded the porter to watch.

35 Ar a nadhbharsin déannuidhsi fáire: (oír ní bhfuil a fhios aguibh gá ham thioctas fear an tige, an tráth nóna, nó a meadhón oidhche, nó a ngairm an choiligh, nó air maidin :)

36 Deagla ar dteachd go hobann dó go bhfuigheadh sé sibhsi bhar gcodladh.

37 Agus na neithe a deirim ribhsi a deirim ré a nuile dhuine *iád: Déunidh faire.*

35 Watch ye therefore: for ye know not when the master of the house cometh, at even, or at midnight, or at the cockcrowing, or in the morning:

36 Lest coming suddenly he find you sleeping.

37 And what I say unto you I say unto all, Watch.

Caibidil 14

Comh-chogar dhaóine anaghaidh mhac Dé.

Chapter 14

1 Agus a gcionn dá lá na dhiáigh sin do bhí an cháisg, agus sollamuin a naráin gan laibhín ann: agus díarradar uachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe cionnas do bhéuraidís a bfeill airsean, do chum a mharbhtha.

2 Achd a dubhradar, Ná *déanam é* sa tsollamuin, ar eagla go néiréochadh búaidhreadh a measg an phobuil.

3 Agus ar mbeith dhó a Mbetánia, a dtigh Shimóin an lobhair, ar suidhe dhó ar an mbord, táinic bean agá raibh bocsa ola, do spícárd mhórlúraighe; agus ar mbriseadh an bhocsa dhi, do dhóirt sí ar a chéann é.

4 Agus do rinneadar dream aca michéadfuidh an a ninntinn féin, agus a dubhradar, Créud fá ndéantar an diombhailsi air a nola?

5 Oír do béidir so do reic ar níos mó ná trí chéd pighin, agus a thabhairt do na bochdaibh. Agus do bhádar rodhiomdhach dhi.

6 Agus a dubhairt Iósa, *Léigidh dhi; créd fá gcuirthí búaidhreadh uirthi? do rinne sí obair mhaith oramsa.*

7 Oír a táid boichd bhar bhfochair do ghnáth, agus gidh bé húair bhus toil libh, is éidir dháobh maith do dhéanamh dhóibh: achd ní bhía misi do ghnáth agaibh.

8 A ní dob éidir lé do rinne sí é: tháinic sí roimhe láimh dungadh mo chuirpsi chum a adhluice.

9 A deirimsi ribh go fírinneach, Gidh bé ar bith ball ar feadh an domhain uile an a ndéantar an soisgeulsa do sheanmóir, go ninnéosdar an nísi do rinne sisi *leis* mar chuimhne uirthi.

10 Agus dimthigh Iúdas Iscáriot, áon don dá fhear dhég, chum úachdarán na sagart, ionnas go mbraithfeadh sé éisean dóibh.

11 Agus ar na chluinsin *sin* dóibhsean, do ghabh gáirdeachus iad, agus do ghealladar go dtiobhraidís airgead dó. Agus do íarr seision am iomchubhaidh ar a bhrath dhóibh.

12 Agus an céad lá do shollamain a naráin gan laibhín, an tan do ghuáthaighdís an *túan* cásg do mharbhadh, a dubhradar a dheisciobail ris,

1 After two days was *the feast* of the passover, and of unleavened bread: and the chief priests and the scribes sought how they might take him by craft, and put *him* to death.

2 But they said, Not on the feast *day*, lest there be an uproar of the people.

3 And being in Bethany in the house of Simon the leper, as he sat at meat, there came a woman having an alabaster box of ointment of spikenard very precious; and she brake the box, and poured *it* on his head.

4 And there were some that had indignation within themselves, and said, Why was this waste of the ointment made?

5 For it might have been sold for more than three hundred pence, and have been given to the poor. And they murmured against her.

6 And Jesus said, *Let her alone; why trouble ye her? she hath wrought a good work on me.*

7 For ye have the poor with you always, and whensoever ye will ye may do them good: but me ye have not always.

8 She hath done what she could: she is come aforehand to anoint my body to the burying.

9 Verily I say unto you, Wheresoever this gospel shall be preached throughout the whole world, *this* also that she hath done shall be spoken of for a memorial of her.

10 And Judas Iscariot, one of the twelve, went unto the chief priests, to betray him unto them.

11 And when they heard *it*, they were glad, and promised to give him money. And he sought how he might conveniently betray him.

12 And the first day of unleavened bread, when they killed the passover, his disciples said unto him, Where wilt thou that we go and prepare

Gá hait ar toil leachd sinne do dhul dullmhughadh do chum go níosdá *úan* na cásg?

13 Agus do chuir sé dás dá dheiscioblaibh, agus a dubhairt sé riú, **Imthighidh don chathraigh, agus téigeamhaidh neach oraibh ag iomchar soithigh uisge: leanaidh é.**

14 Agus gidh bé ar bith tigh a racha sé a sdeach, abraidh ré fear an tigh, go nabair an Maighisdir, Cáit a bhfuil an séomra a nfean nuadh phosta ann a níosa mé an *túan* cásg a bhfochair mo dheisciobal?

15 Agus taisbéanuidh seision dhíbh séomra árd fairsing deagmhaiseach ullumh: ullmhuighidh é dhúinn ann sin.

16 Agus do imthigheadar a dheisciobail, agus tangadar don chathraigh, agus fúaradar mar a dubhairt seision riú: agus do ullmhuigheadar an cháisg.

17 Agus ar dteachd don tráthnóna tháinic seision maille ris an dá fhear dhéug.

18 Agus an tan do shuidheadar agus do chaitheadar bíadh, a dubhairt Iósa, **A deirim ribh go fírinneach, Go mbraithfi fear dhíbh misi noch a tá ag ithe *bídh* am fhochair.**

19 Agus do thionnsgnadarsan bheith go dubhach, agus ag rádh ris a ndíaigh a chéile, *An misi é?* agus fear eile, *An misi é?*

20 Agus ar bhfregra dhósan a dubhairt sé riú, ***Is fear don dá fhear dhéug é, thumas maráon riumsa sa meis.***

21 **A tá Mac an duine ag imtheachd go fírinneach, mar a tá sgríobhtha air: achd is anáobhinn don fhear úd lé a mbraithgear Mac an duine! do bfearr do nfearsin nách beirthí e ríamh.**

22 Agus ar mbeith ag caitheamh bídh dhóibhsean, do ghlac Iósa arán, agus tar eis a bheannaighthe, do bhris sé, agus tug sé dhóibhsean é, agus a dubhairt sé, **Glacaidh, ithidh: is sé so mo chorpsa.**

23 Agus ar nglacadh an chupáin dó, an tan rug sé buidheachus, tug sé dhóibhsin é: agus do ibheadar uile as.

24 Agus a dubhairt sé riú, **Ag so mfuilsi na tiomna núaidhe, dhóirtear air son mhóráin.**

25 **A deirim ribh go fírinneach, Nach iobha mé feasda do thoradh na fineamhna, go nuige an lá úd an a niobha mé núa é a rioghachd Dé.**

26 Agus an tan do chanadar salm, do chúadar a mach go slíabh na Noluigheadh.

27 Agus a dubhairt Iósa riú, **Do ghéubhtháoi uile oilbhéim ionnamsa a nochd: oir a tá sgríobhtha, Búailfidh mé an táodhaire, agus spréighfithgear na cáoirigh.**

that thou mayest eat the passover?

13 And he sendeth forth two of his disciples, and saith unto them, **Go ye into the city, and there shall meet you a man bearing a pitcher of water: follow him.**

14 And wheresoever he shall go in, say ye to the goodman of the house, The Master saith, Where is the guestchamber, where I shall eat the passover with my disciples?

15 And he will shew you a large upper room furnished *and* prepared: there make ready for us.

16 And his disciples went forth, and came into the city, and found as he had said unto them: and they made ready the passover.

17 And in the evening he cometh with the twelve.

18 And as they sat and did eat, Jesus said, **Verily I say unto you, One of you which eateth with me shall betray me.**

19 And they began to be sorrowful, and to say unto him one by one, *Is it I?* and another *said, Is it I?*

20 And he answered and said unto them, ***It is one of the twelve, that dippeth with me in the dish.***

21 **The Son of man indeed goeth, as it is written of him: but woe to that man by whom the Son of man is betrayed! good were it for that man if he had never been born.**

22 And as they did eat, Jesus took bread, and blessed, and brake *it*, and gave to them, and said, **Take, eat: this is my body.**

23 And he took the cup, and when he had given thanks, he gave *it* to them: and they all drank of it.

24 And he said unto them, **This is my blood of the new testament, which is shed for many.**

25 **Verily I say unto you, I will drink no more of the fruit of the vine, until that day that I drink it new in the kingdom of God.**

26 And when they had sung an hymn, they went out into the mount of Olives.

27 And Jesus saith unto them, **All ye shall be offended because of me this night: for it is written, I will smite the shepherd, and the sheep shall be scattered.**

28 Achd tar éis misi eiséirghe, rachaidh mé romhaibhsi don Ghalilé.

29 Achd a dubhairt Peadar ris, Má gheibhidh cách uile oilbhéim ionnad, ní bhfuighe misi é.

30 Agus a dubhairt Iósa risean, A deirim riot go firinneach, A niugh, ann sa noidhche nochd féin, ní is táosga ná ghoirfeas an coileach fá dhó, go séanfa tú mé trí húaire.

31 Achd is móide a dubhairt seision, Dá madh éigean damh bás dfulang ad fhochair, ní shéanfa mé thú go bráth. Agus a dubhradar cách uile mar an gcéadna.

32 Agus tangadar don ionad dar ab ainm Getsémane: ann sin a dubhairt seisin ré na dheisciobluibh, Suidhigh ann so, go ndéuna mé urnuighe.

33 Agus rug sé Peadar agus Séumas agus Eóin leis, agus do thionnsgain sé bheith go critheaglach brónach;

34 Agus a dubhairt sé riú, A tá manam tuirseach go dtí an bás: fanaidhsi ann so, agus déanaidh faire.

35 Agus ar nimtheachd roimhe dhó beagán, do thuit sé ar talamh, agus do rinne sé urnuighe, ionnus da madh éidir é, go rachadh an úair thairis.

36 Agus a dubhairt sé, Abbá, a Athair, a tá gach ní soidhéanta dhuitsi; cuir an cupánso thoramsa: gidheadh nár ab é an ní bhus toil leamsa, achd an ní bhus toil leachdsa.

37 Agus tháinic sé, agus fúair sé iadsan na gcodladh, agus a dubhairt sé ré Peadar, A Shimóin, an bhfuil tú ad chódladh? an né nar bhéidir leachd faire éan úaire do dhéunamh?

38 Déunaidh faire agus urnuighe, do chum nách dteigeamhadh a ccathughadh sibh. A tá an spiorad ullamh go deimhin, achd a tá an cholann anbhfann.

39 Agus ar nimtheachd úatha a rís, do rinne sé urnaighe, ag rádh na mbríathara gcéadna.

40 Agus ar bhfillleadh dhó, fúair sé a rís na gcodladh iad: (óir do bhádar a súile trom: agus ní raibh a fhios aca cionnas do bhéuraidís freagra air.

41 Agus táinic sé an treas úair, agus a dubhairt sé riú, Codluidh a nois, agus coimhnuighidh: is lór sin, tháinic an úair; féuch, do bheirthear Mac an duine a lámhuibh na bpeacthach.

42 Éirghidh, imthigheam; féuch, is fogus dúinn an té bhraitheas misi.

43 Agus ar an mball, an feadh do bhí sé ag caint, tháinic Iúdas, áon don dá fhear dhéug, agus slúagh mór na fharradh maille ré cloidhmhibh agus lé batuidhibh, ó

28 But after that I am risen, I will go before you into Galilee.

29 But Peter said unto him, Although all shall be offended, yet *will* not I.

30 And Jesus saith unto him, *Verily I say unto thee, That this day, even in this night, before the cock crow twice, thou shalt deny me thrice.*

31 But he spake the more vehemently, If I should die with thee, I will not deny thee in any wise. Likewise also said they all.

32 And they came to a place which was named Gethsemane: and he saith to his disciples, *Sit ye here, while I shall pray.*

33 And he taketh with him Peter and James and John, and began to be sore amazed, and to be very heavy;

34 And saith unto them, *My soul is exceeding sorrowful unto death: tarry ye here, and watch.*

35 And he went forward a little, and fell on the ground, and prayed that, if it were possible, the hour might pass from him.

36 And he said, *Abba, Father, all things are possible unto thee; take away this cup from me: nevertheless not what I will, but what thou wilt.*

37 And he cometh, and findeth them sleeping, and saith unto Peter, *Simon, sleepest thou? couldest not thou watch one hour?*

38 *Watch ye and pray, lest ye enter into temptation. The spirit truly is ready, but the flesh is weak.*

39 And again he went away, and prayed, and spake the same words.

40 And when he returned, he found them asleep again, (for their eyes were heavy,) neither wist they what to answer him.

41 And he cometh the third time, and saith unto them, *Sleep on now, and take your rest: it is enough, the hour is come; behold, the Son of man is betrayed into the hands of sinners.*

42 *Rise up, let us go; lo, he that betrayeth me is at hand.*

43 And immediately, while he yet spake, cometh Judas, one of the twelve, and with him a great multitude with swords and staves, from the chief priests and the scribes and the elders.

úachdaránuibh na sagart agus ó na sgríobuidhibh agus ó na sinnsioruibh.

44 Agus tug an té do bhraith é comhartha dhóibhsean, ag rádh, Gidh bé neach dhá dtiobhra misi póg, is é sin é; beiridh air, agus tabhraidh libh é go coimhéudach.

45 Agus ar dteachd dhó, do chúaidh sé air ball chuigesin, agus a dubhairt sé, Día do bheatha a mhaighisdir; agus tug sé póg dhó.

46 Agus do chuir siadsan a lámha annsan: agus do ghabhadar é.

47 Achd ar dtarrang a chloidhimh a mach dfior don mhuintir do sheas a láthair, do bhúail sé óglach an árdshagairt, agus dó bhean sé a chlúas de.

48 Agus ar bhfreagra Díosa a dubhairt sé ríu, **An dtangabhair a mach dom ghlacadhsa, amhuil chum biothamhnaigh, lé cloidhmhibh agus lé batuidhibh?**

49 **Do bhí mé gach éanlá aguibh sa teampall ag teagasg, agus níor ghlacabhuir mé: Achd is éigin na sgríobtuiridh do choimhlíonadh.**

50 Agus ar na thréigean san, do theitheadar a dheisciobuil uile.

51 Agus do lean óganach áirighe é, agá raibh línéudach ag folach a lómnochdaighe; agus rugadar na hógánaigh air:

52 Agus ar bhfagbháil an línéadaigh dhósan, do theith sé lomnochd úatha.

53 Agus rugadar Iósa léo chum an árdshagairt: agus do chruinnigheadar ann sin úachdaráin na sagart uile agus na sinnsir agus na sgríobuidhe.

54 Agus do lean Peadar a bhfad úadh é, nó go raibh sé a sdigh a halla a nárdshagairt: agus do bhí sé na shuidhe a bhfochair na searbhfhoghantuidheadh, agus dá ghoradh ag an teinidh.

55 Agus do bhádar úachdaráin na sagart agus an chomhairle uile ag iarraidh fiadhnuisi a naghaidh Iósa ionnas go gcuirfidís chum báis é; agus ní fhúaradar.

56 Oír do rinneadar mórán dáoine fiadhnuisi bhréige na aghaidh, achd ní thangadar a bhfiadhnuisidhe le chéile.

57 Agus déirgheadar dáoine áirighe, agus do rinneadar fiadhnuisi bhréige na aghaidh, ag rádh,

58 Do chúalamairne é ag rádh, Brisfidh mé sios an teampoll so déunta lé láimhaibh, agus a dtrí lá tóigeabhaidh mé teampoll éile gan obair lámh.

59 Achd mar sin féin ní raibh a bhfiadhnuisi ag teachd lé chéile.

44 And he that betrayed him had given them a token, saying, Whomsoever I shall kiss, that same is he; take him, and lead *him* away safely.

45 And as soon as he was come, he goeth straightway to him, and saith, Master, master; and kissed him.

46 And they laid their hands on him, and took him.

47 And one of them that stood by drew a sword, and smote a servant of the high priest, and cut off his ear.

48 And Jesus answered and said unto them, **Are ye come out, as against a thief, with swords and *with* staves to take me?**

49 **I was daily with you in the temple teaching, and ye took me not: but the scriptures must be fulfilled.**

50 And they all forsook him, and fled.

51 And there followed him a certain young man, having a linen cloth cast about *his* naked *body*; and the young men laid hold on him:

52 And he left the linen cloth, and fled from them naked.

53 And they led Jesus away to the high priest: and with him were assembled all the chief priests and the elders and the scribes.

54 And Peter followed him afar off, even into the palace of the high priest: and he sat with the servants, and warmed himself at the fire.

55 And the chief priests and all the council sought for witness against Jesus to put him to death; and found none.

56 For many bare false witness against him, but their witness agreed not together.

57 And there arose certain, and bare false witness against him, saying,

58 We heard him say, I will destroy this temple that is made with hands, and within three days I will build another made without hands.

59 But neither so did their witness agree together.

60 Agus ar néirghe na sheasamh a lár cháich don ardhshagart, do chuir sé ceisd ar Iósa, ag rádh, An né nach dtabhair tú freagra ar bith úait? Créd fá ndéunaid so fiadhnuisi ad aghaidh?

61 Agus do thochd seision, agus níor fhreagair sé én ní. Do fhiafruigh an tárdsagart de a rís, agus a dubhairt sé rís, An tusa an Críosa Mac Dé Bheannuighthe?

62 Agus do fhreagair Iósa, **Is mé: agus do chífidhesí Mac an duine na shuidhe air deis chumhachd Dé, agus ag teachd lé néulluibh neimhe.**

63 Agus do réub úachdaran na sagart a éudach, ag rádh, Créd é an feidhm a tá aguin ar fhíadhnuisibh feasda?

64 Do chúalabhair an bhlaisphéime: créd dó cítheard dháuibhsi? Agus rugadarsan uile breith na aghuidhsean gur thuill sé bás.

65 Agus do thionnsgadar dream áirighe gabháil do sheilidhibh air, agus a aghaidh dfolach, agus dórna do bhúaladh air, agus a rádh ris, Déana fáidheadóireachd: agus do ghabhadar na seirbhísigh do bhasuibh air.

66 Agus ar mbeith do Pheadair ann sa halla shíos, tháinic áon do chailínibh an ardashagairt:

67 Agus ar bhfaicsin Pheadair dá ghoradh dhi, tug sí dha haire é, agus a dubhairt si, Do bhí tusa fós a bhfochair Iósa Nasardha.

68 Achd do shéan seisean sin, ag rádh, Ní thuigim, agus ní bhfuil a fhios agam créd a deir tú. Agus do chúaidh sé a mach don phóirsi; agus do ghoir an coileach.

69 Agus do chonnaire an cailin é a ris, agus do thionnsgain sí a rádh ris an druing do bhí na seasamh a láthair, Is díobh súd *an fearso*.

70 Agus do shéan seisean a rís. Agus fá cheann beagáin na dhiaighsin, a rís a dubhradar an mhuintir do bhí na seasamh a láthair ré Peadar, Go fírinneach is díobh súd thusa: óir is Galiléach thú, agus is cosmhail hurlabhra ríu.

71 Achd do thionnsgain seisean ag mallughadh, agus mionnughadh, Ní haithne dhamh an duinesi a deirthí.

72 Agus do ghoir an coileach an dara húair. Agus do chuimhnigh Peadar ar an fhocal a dubhairt Iósa ris, **Ní is táosga na ghoirfeas an coileach fá dhó, séanfuidh tú misi trí húaire.** Agus ar ndul a leiththáuibh dhó, do ghuil sé.

60 And the high priest stood up in the midst, and asked Jesus, saying, Answerest thou nothing? what is it *which* these witness against thee?

61 But he held his peace, and answered nothing. Again the high priest asked him, and said unto him, Art thou the Christ, the Son of the Blessed?

62 And Jesus said, **I am: and ye shall see the Son of man sitting on the right hand of power, and coming in the clouds of heaven.**

63 Then the high priest rent his clothes, and saith, What need we any further witnesses?

64 Ye have heard the blasphemy: what think ye? And they all condemned him to be guilty of death.

65 And some began to spit on him, and to cover his face, and to buffet him, and to say unto him, Prophecy: and the servants did strike him with the palms of their hands.

66 And as Peter was beneath in the palace, there cometh one of the maids of the high priest:

67 And when she saw Peter warming himself, she looked upon him, and said, And thou also wast with Jesus of Nazareth.

68 But he denied, saying, I know not, neither understand I what thou sayest. And he went out into the porch; and the cock crew.

69 And a maid saw him again, and began to say to them that stood by, This is *one* of them.

70 And he denied it again. And a little after, they that stood by said again to Peter, Surely thou art *one* of them: for thou art a Galilaean, and thy speech agreeth *thereto*.

71 But he began to curse and to swear, *saying*, I know not this man of whom ye speak.

72 And the second time the cock crew. And Peter called to mind the word that Jesus said unto him, **Before the cock crew twice, thou shalt deny me thrice.** And when he thought thereon, he wept.

Caibidil 15

Fulang, 39 bás, 42 agus adhlacadh onórach Iosa Chríosa Mhic Dé bhi.

Chapter 15

1 Agus go moch ar maidin ar ndéanamh comhairle dhóibh rugadar na háldsagairt maile ris na sinnsearaibh agus ris na sgríobuidhibh agus ris an gcomhairle uile, Iósa ceangailte léo, agus tugadar do Phíoláit é.

2 Agus do fhiafruidh Píoláid dheisean, An tusa rí na Níuduigheadh? Agus ar bhfreagra dhósan a dubhairt sé ris, **A deir tusa *sin*.**

3 Agus do chuireadar úachdaráin na sagart mórán na aghaidh: achd níor fhreagair seisean éinní.

4 Agus do fhiafruidh Píoláid dhe a rís, ag rádh, An né nach dtugann tú freagra éigin úait? féuch gá mheid ann a ndéunaid so fiadhnuisi ad aghaidh.

5 Agus níor fhreagair Iósa ní ar bith ó sin a mach; ionnas gur ghabh iongantus Píoláid.

6 Agus ann sa tsolamain do sgáoileadh sé dhóibh én phríosúnach a mhaín, gidh bé air bith a díarradáois.

7 Agus do bhí *neach* áirighe dar bhainm Barabbas, ceangailte a bhfochair a chompánach ceannairce, noch do rinne marbhadh a gceannairce.

8 Agus ag éighmhe don phobal do thionnsgnadar íarruidh air do réir mar do níodh sé dhóibh a gcomhnuidhe.

9 Do fhreagair Píoláid dhóibh, ag rádh, A náill libh go sgáoilinn dáoibh Rí na Níuduigheadh?

10 (Oír do bhí a fhios aige gur ab tré thnúth do thoirbhir úachdaráin na sagart é.)

11 Agus do ghlúaisiodar úachdaráin na sagart an pobal, do chum go madh táosga sgáoilfeadh sé Barabbás chuca.

12 Achd ar bhfreagra do Phíoláid, a dubhairt sé ríu a rís; Ar a nadhbharsin créd as áill libh do dhéunamh dhamh *ris an tési* dá ngoirthi Rí na Níuduigheadh?

13 Agus do éighmheadarsan a rís, Croch é.

14 Achd a dubhairt Píoláid ríu, Créd é an tolc do rinne sé? agus is moide do gháireadarsan *sin*, Croch é.

15 Agus do bhrigh gur mhían lé Píoláid toil an phobail do dhéunamh, do sgáoil sé Barabbás dóibh, agus tar éis Iósa do sgiúrsughadh, tug sé úadh, chum a chrochda é.

16 Agus rugadar na saighdíuiridh a sdeach don halla é, éadhon go cúirt an úachdaráin; agus do ghoireadar an chuidéachda uile a bhfochaír a chéile.

17 Agus do chuireadar *éadach* purpuir uime, agus ag fighe corona spíne dhóibh do chuireadar air í,

1 And straightway in the morning the chief priests held a consultation with the elders and scribes and the whole council, and bound Jesus, and carried *him* away, and delivered *him* to Pilate.

2 And Pilate asked him, Art thou the King of the Jews? And he answering said unto him, **Thou sayest *it*.**

3 And the chief priests accused him of many things: but he answered nothing.

4 And Pilate asked him again, saying, Answerest thou nothing? behold how many things they witness against thee.

5 But Jesus yet answered nothing; so that Pilate marvelled.

6 Now at *that* feast he released unto them one prisoner, whomsoever they desired.

7 And there was *one* named Barabbas, *which lay* bound with them that had made insurrection with him, who had committed murder in the insurrection.

8 And the multitude crying aloud began to desire *him to do* as he had ever done unto them.

9 But Pilate answered them, saying, Will ye that I release unto you the King of the Jews?

10 For he knew that the chief priests had delivered him for envy.

11 But the chief priests moved the people, that he should rather release Barabbas unto them.

12 And Pilate answered and said again unto them, What will ye then that I shall do *unto him* whom ye call the King of the Jews?

13 And they cried out again, Crucify him.

14 Then Pilate said unto them, Why, what evil hath he done? And they cried out the more exceedingly, Crucify him.

15 And so Pilate, willing to content the people, released Barabbas unto them, and delivered Jesus, when he had scourged *him*, to be crucified.

16 And the soldiers led him away into the hall, called Prætorium; and they call together the whole band.

17 And they clothed him with purple, and platted a crown of thorns, and put it about his *head*,

18 Agus do thionnsgnadar beannughadh dhó, Día do bheatha, a Rí na Nínduigheadh!

19 Agus do bhúileadar é an a cheann lé giolcach, agus do ghabhadar do sheilidhibh air, agus ar léigean a nglún *fútha*, do rinneadar úmhla dhó.

20 Agus an tan do rinneadar fonámhad fáoi, do bheanadar an *téadach* purpaír dhe, agus do chuireadar a éaduighe féin uime, agus tugadar a mach é do chum go grochaidís é.

21 Agus dó chuireadar dfiachuibh ar *oglach* áirighthe do bhí ag gabháil thárrsa, *dar bháinm* Simón Siréanach, (athair Alecsander agus Ruphus,) tháinic ón túaith a *muich*, a chroich diomchar.

22 Agus rugadar léo é do nionad *dar ab ainm* Golgota, is sé sin, re na éidirmhíniúghadh, Ionad na cloigne.

23 Agus tugadar fíon air ar cuireadh mirr ré na ól dhó: achd níor ghabh seisean é.

24 Agus an tan do chrochadar é, do roinneadar a éaduighe, air dteilgean crannchuir orrtha, créd do thóigfeadh gach neach dhíobh.

25 Agus do bhí an treas úair ann, agus do chrochadar é.

26 Agus do bhí tiodal a chóire air na sgríobhadh ós a chionn, RI NA NIUDUIGHEADH.

27 Agus do chrochadar dás gaduidheadh na fhochair; fear ar a láimh dheis, agus fear ar a láimh chlí.

28 Ann sin do coimhlíonadh an sgríobtuir a deir, Agus a measg dháoine cóirtheach do comháireadh é.

29 Agus an dream do ghabhadh thairis, do bhéirdis aithis dó, ag crathadh a gceann, agus ag rádh, O, thusa leagas an teampoll, agus thógbhas é a dtrí laéthibh,

30 Fóir ort féin, agus tárr a nús as an gcroich.

31 Agus is mar an gcéudna a dubhradar úachdaráin na sagart agus na sgríobuidhe ré chéile ag fonámhad fáoi, Do fhóir sé ar dháoinibh eile; agus ní héidir leis é féin dfóirighin.

32 Tigeadh Críosa Rí Israél a nús a nois as an gcroich, do chum go bhfaicfimis agus go gcreidfimis. Agus na dáoine do crochadh na fhochair tugadar aithis dó.

33 Agus an tan tháinic an seiseadh húair, do bhí dorchadas ar feadh na talmhan uile go sóithe an náomhadh húair.

34 Agus ann sa náomhadh húair do éigh Iósa do ghuth árd, ag rádh, **Eloi, Eloi, lámá**

18 And began to salute him, Hail, King of the Jews!

19 And they smote him on the head with a reed, and did spit upon him, and bowing *their* knees worshipped him.

20 And when they had mocked him, they took off the purple from him, and put his own clothes on him, and led him out to crucify him.

21 And they compel one Simon a Cyrenian, who passed by, coming out of the country, the father of Alexander and Rufus, to bear his cross.

22 And they bring him unto the place Golgotha, which is, being interpreted, The place of a skull.

23 And they gave him to drink wine mingled with myrrh: but he received *it* not.

24 And when they had crucified him, they parted his garments, casting lots upon them, what every man should take.

25 And it was the third hour, and they crucified him.

26 And the superscription of his accusation was written over, THE KING OF THE JEWS.

27 And with him they crucify two thieves; the one on his right hand, and the other on his left.

28 And the scripture was fulfilled, which saith, And he was numbered with the transgressors.

29 And they that passed by railed on him, wagging their heads, and saying, Ah, thou that destroyest the temple, and buildest *it* in three days,

30 Save thyself, and come down from the cross.

31 Likewise also the chief priests mocking said among themselves with the scribes, He saved others; himself he cannot save.

32 Let Christ the King of Israel descend now from the cross, that we may see and believe. And they that were crucified with him reviled him.

33 And when the sixth hour was come, there was darkness over the whole land until the ninth hour.

34 And at the ninth hour Jesus cried with a loud voice, saying, **Eloi, Eloi, lama sabachthani?** which is, being interpreted, **My**

sabachtáni? a se sin, ar na eirdirmhíniughadh, Mo Dhía, mo Dhía, créd fár thréig tú mé?

35 Agus a dubhradar cuid dá raibh na seasamh a lathair, an tan do chúaladar *sin*, Féuch, a tá sé gairm Elías.

36 Agus do ríoth fear dhíobh agus ar líonadh sboinc dfinegre dhó, agus ar *na* chur a dtimcheall giolcuigh, tug sé deoch dhó, ag rádh, Leigidh dhó; féacham an dtiocfa Elías dá leagadh a nús.

37 Agus ag éighmhe Díosa do ghúth mhór, do chúaidh a spiorad as.

38 Agus do réubadh brat rointe an teampuill na dhá chuid ó úachdar go híochdár.

39 Agus an tan do chonnaire an senturion, do bhí na sheasamh as a chochair, go ndeachuidh a anam as ag éighmhe mar sin, a dubhairt sé, Go fírinneach do bé an duine so Mac Dé.

40 Agus do bhádar mar an gcéudna mná a bhfad úadh ag féachain: eidir a raibh Muire Mhagdalén, agus Muire mathair Shéumuis bhig agus Ióses, agus Salómé;

41 Noch do lean é, an tan do bhí sé fós sa Ghalíle, agus do bhí ag miniosdrálachd dó; agus mórán do mhnáibh eile do chúaidh a néinfheachd ris súas go Híarusaléim.

42 Agus a nois ar dteachd don tráth nóna, (do bhrigh gur bhé *lá* an ullmhuighthe é, eadhón, an *lá* roimh an tsabbóid,)

43 Táinic, Ióseph ó Arimatéa, comhairleach onórach, agá raibh fós súil ré ríoghachd Dé, agus do chúaidh sé a sdeachd go dána díonnsuighe Phíoláid, agus do íarr sé corp Iósa.

44 Agus do biongnadh lé Píoláid go mbiadh sé *cheana* tar éis bháis: agus do ghoir sé an sentúrion, agus do fhíafruigh sé dhe an fada ó fúair sé bás.

45 Agus ar bhfagháil fhiosa ón sentúrion, do bhronn sé an corp do Ióseph.

46 Agus do cheannaigh Ióseph línéadach fínealta, agus do leag sé a nús é, agus do chuir sé an línéadach uime, agus do chuir sé é a dtúama do bhí ar na thochailt a mach as charraig: agus do iomluit sé léac ar dhorus an túama.

47 Agus do bhí Muire Mhagdalén, agus Muire *mathair* Ióses ag féuchain gá háit a gcuirfidh é.

God, my God, why hast thou forsaken me?

35 And some of them that stood by, when they heard *it*, said, Behold, he calleth Elias.

36 And one ran and filled a sponge full of vinegar, and put *it* on a reed, and gave him to drink, saying, Let alone; let us see whether Elias will come to take him down.

37 And Jesus cried with a loud voice, and gave up the ghost.

38 And the veil of the temple was rent in twain from the top to the bottom.

39 And when the centurion, which stood over against him, saw that he so cried out, and gave up the ghost, he said, Truly this man was the Son of God.

40 There were also women looking on afar off: among whom was Mary Magdalene, and Mary the mother of James the less and of Joses, and Salome;

41 (Who also, when he was in Galilee, followed him, and ministered unto him;) and many other women which came up with him unto Jerusalem.

42 And now when the even was come, because it was the preparation, that is, the day before the sabbath,

43 Joseph of Arimathea, an honourable counsellor, which also waited for the kingdom of God, came, and went in boldly unto Pilate, and craved the body of Jesus.

44 And Pilate marvelled if he were already dead: and calling *unto him* the centurion, he asked him whether he had been any while dead.

45 And when he knew *it* of the centurion, he gave the body to Joseph.

46 And he bought fine linen, and took him down, and wrapped him in the linen, and laid him in a sepulchre which was hewn out of a rock, and rolled a stone unto the door of the sepulchre.

47 And Mary Magdalene and Mary *the mother* of Joses beheld where he was laid.

Caibidil 16

Eiserghe Chríosa, 12 a thaisbeanadh fein, 19 agus a ghabhala súas ar neamh.

Chapter 16

1 Agus ar ndul don tsabbóid thárrsa, do cheannuigh Muire Magdalén agus Muire mathair Shéumuis, agus Salóme, spíosradh deaghbhaluidh, chum go dtiocfaidís agus go nungfaidís é.

2 Agus tangadar go romhoch ar maidin an chéd lá don tseachdmhuin, chum an túama lé héirghe na gréine.

3 Agus a dubhradar eatorra féin, Cía iompeochas dhúinn an leac ó dhorus an túama?

4 Agus ar bhféachain dóibh, do chonncadar an chloch ar na hiomlat: óir do bhí si romhór.

5 Agus ar ndul sdeach ann sa túama dhóibh, do chonncadar ógánach na shuidhe ar a láimh dheis, iomá raibh éudach fada glégheall; agus do ghabh úathbhás íad.

6 Agus a dubhairt seisean ríu, Ná bíodh eagla oraibh: A táthaóí ag íarruidh Iósa Nasardha, do céasadh: do éirigh sé; ní bhfuil sé ann so: féuch a náit an ar cuireadar é.

7 Achd imthighidh, innisidh dá dheisciobluibh agus do Pheadar go bhfuil sé ag dul romhuibh don Ghalilé: do chífidhe ann sin é, mar a dubhairt sé ribh.

8 Agus ar nimtheachd dóibhsean a mach go deithniosach, do theitheadar ón túama; óir do bhí críth agus úathbhás orrtha: agus níor labhradar ní ar bith ré héinneach; óir do bhí eagla orrtha.

9 Agus ar neiséirghe *Díosa* ar maidin an céd lá don tseachdmhuin, do thaisbén sé é féin ar tús do Mhuire Mhagdalén, as ar theilg sé seach ndeamhain.

10 Agus ar nimtheachd disi do fhoillsigh sí sin don druing do bhí na fhochair sean, do bhí ag gul agus ag caói.

11 Agus an tan do chúaladarsan, eisean do bheith béo, agus go bhfacuidh sisi é, ní chreideadar.

12 Achd tar éis so, do thaisbén seisean é féin do dhías aca, a geruth eile mar shíubháileadar, agus íad ag dul fan dtudháith.

13 Agus do imthigh siadsan, agus do fhoillsigheadar sin do chuid eile: gidheadh níor chreideadar íadsan fós.

14 Fa dheiridh ar mbeith ar áonbhall do naóinfhear dhég do thaisbéan sé é féin dóibh, agus do chuir sé na naghaidh a míchreideamh agus a gcrúas croidhe, tré nár chreideadar don druing do chonnaire é ar neiséirghe.

15 Agus a dubhairt sé ríu, **Imthighidh ar feadh an domhain uile, déanuidh an soisgéul do sheanmóir do gach uile chreatúir.**

1 And when the sabbath was past, Mary Magdalene, and Mary the *mother* of James, and Salome, had bought sweet spices, that they might come and anoint him.

2 And very early in the morning the first *day* of the week, they came unto the sepulchre at the rising of the sun.

3 And they said among themselves, Who shall roll us away the stone from the door of the sepulchre?

4 And when they looked, they saw that the stone was rolled away: for it was very great.

5 And entering into the sepulchre, they saw a young man sitting on the right side, clothed in a long white garment; and they were affrighted.

6 And he saith unto them, Be not affrighted: Ye seek Jesus of Nazareth, which was crucified: he is risen; he is not here: behold the place where they laid him.

7 But go your way, tell his disciples and Peter that he goeth before you into Galilee: there shall ye see him, as he said unto you.

8 And they went out quickly, and fled from the sepulchre; for they trembled and were amazed: neither said they any thing to any *man*; for they were afraid.

9 Now when *Jesus* was risen early the first *day* of the week, he appeared first to Mary Magdalene, out of whom he had cast seven devils.

10 *And* she went and told them that had been with him, as they mourned and wept.

11 And they, when they had heard that he was alive, and had been seen of her, believed not.

12 After that he appeared in another form unto two of them, as they walked, and went into the country.

13 And they went and told *it* unto the residue: neither believed they them.

14 Afterward he appeared unto the eleven as they sat at meat, and upbraided them with their unbelief and hardness of heart, because they believed not them which had seen him after he was risen.

15 And he said unto them, **Go ye into all the world, and preach the gospel to every creature.**

16 Gidh bé chreidfeas agus bhaisdfithear slainéochthar é; achd gidh bé nach ccreidfi daiméontar é.

17 Agus leanfuid na comharthuighesi an dream de chreidfeas; Sgriosfuid síad deamhuin tré mainmsi; laibhéoruid lé teangthuibh núadha;

18 Tóigéubhaid naithreacha neimhe; agus má ibhid ní marbhthach ar bith, ní ghoirtéocha sé íad; cuirfid lámha ar na daónibh éagruaidhe, agus béid síad slán.

19 Agus tar éis an Tighearna do labhairt ríu, do gabhadh súas ar neamh a rís é, agus do shuidh sé ar deis láimh Dé.

20 Agus ar ndul a mach dhóibhsean do rinneadar seanmóir ann gach uile áit, ar mbeith don Tighearna ag comhoibriughadh ríu, agus ag tabhairt brígh dá mbríathruibh leis na comharthaidhibh do lean íad. Amén.

16 He that believeth and is baptized shall be saved; but he that believeth not shall be damned.

17 And these signs shall follow them that believe; In my name shall they cast out devils; they shall speak with new tongues;

18 They shall take up serpents; and if they drink any deadly thing, it shall not hurt them; they shall lay hands on the sick, and they shall recover.

19 So then after the Lord had spoken unto them, he was received up into heaven, and sat on the right hand of God.

20 And they went forth, and preached every where, the Lord working with *them*, and confirming the word with signs following. Amen.